Location:\\sally\3b2data\2008\P\PatricksCollegeDundrum\ads\D10961.indd
© 10:19 - 1/10/08

Foras na Gaeilge

National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal (faoi chúram Choláiste Phádraig, Droim Conrach)

Fáilteofar roimh iarratais ar an bpost seo a leanas:

Bainisteoir Tionscadail: Siollabas agus Áiseanna Teagaisc don Ghaeilge ar an Tríú Leibhéal (conradh 10 mí nó ar iasacht)

Níor mhór cáilíochtaí acadúla den scoth sa Nua-Ghaeilge, taithí chuimsitheach ar theagasc na Gaeilge ar an tríú leibhéal, ardscileanna eagrúcháin agus bainistíochta tionscadail a bheith ag an té a cheapfar. Beidh taithí agus ard-inniúlacht aici/aige ar fhorbairt siollabais teanga, agus ar dhearadh agus ar tháirgeadh acmhainní teagaisc, idir acmhainní clóite agus acmhainní digiteacha. Bheadh iarchéim sa Teangeolaíocht Fheidhmeach inmhianaithe.

Beidh an té a cheapfar fostaithe ag an Meitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal (faoi chúram Choláiste Phádraig, Droim Conrach) le Céim 1 den Tionscadal Siollabais agus Áiseanna, Siollabas agus Áiseanna Teagaisc don Ghaeilge ar an Tríú Leibhéal, a chur i gcrích. Beidh sé/sí freagrach as siollabas agus áiseanna teagaisc a dhearadh agus a fhorbairt do mhic léinn na Gaeilge ag an tríú leibhéal. Beidh sé/sí ag obair faoi stiúir grúpa saineolaithe atá páirteach sa Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal, agus bunófar an siollabas agus na háiseanna teagaisc ar Fhráma Tagartha Chomhairle na hEorpa d'Fhoghlaim Teangacha.

Tuarastal: €41,192.50 (nó €4,119.25 in aghaidh na míosa). Beidh an té a cheapfar fostaithe ó Shamhain 2008 go dtí Meán Fómhair 2009 (10 mí).

Tuilleadh eolais faoi chomhthéacs agus faoi shonraíocht an phoist le fáil ag www.spd.dcu.ie/vacancies nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Dr Máirín Nic Eoin, Coláiste Phádraig, Droim Conrach (Mairin.niceoin@spd.dcu.ie), nó an Dr John Walsh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (john.walsh@oegaillimh.ie).

Seoltar iarratas (Cúrsa Beatha reatha agus ráiteas pearsanta an iarratasóra) chuig:

Mary Donnelly, An tOifigeach Pearsanra,
Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9

faoi 12.00 meán lae Dé hAoine, 24 Deireadh Fómhair 2008.

Tá an tionscadal seo á chómhaoiniú ag Foras na Gaeilge.